



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2003

CUNTASAÍOCHT - GNÁTHLEIBHÉAL (400 marc)

DÉARDAOIN, 12 MEITHEAMH, 2002 – MAIDIN 9.30 a.m. go dtí 12.30 p.m.

Tá an páipéar seo leagtha amach i 3 Roinn.

Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais (120 marc).

Tá 4 cheist sa roinn seo (uimhreacha 1-4). Tá 120 marc ar an gcéad cheist agus tá 60 marc an ceann ar na trí cheist eile.

Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo.

Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais (200 marc).

Tá 3 cheist sa roinn seo (uimhreacha 5-7). Tá 100 marc ar gach cheist.

Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt.

Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta (80 marc).

Tá dhá cheist sa roinn seo (uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ar gach cheist.

Ba chóir d'iarrthóirí **CEANN AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

Áireamhán

Is ceadmhach áireamhán a úsáid agus ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt: tá sé fíorthábhachtach, áfach, go dtaispeánfar oibrithe s(n)a leabha(i)r freagraí sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair cheart.

ROINN 1 (120 Marc)
Freagair Ceist 1 nó DHÁ cheist ar bith eile

1. Trádálaí Aonair - Cuntais Chríochnaitheacha

Baineadh na hiarmhéideanna seo a leanas as leabhair K. Arnold, Trádálaí Aonair, ar 31/12/2002.

	€	€
Paitinní	60,000	
Foirgnimh.....	360,000	
Mótarfheithiclí ar a gcostas.....	110,000	
Dímheas Carntha ar Mhótarfheithiclí.....		56,000
Trealamh Oifige ar a chostas.....	24,000	
Dímheas Carntha ar Threalamh Oifige		7,000
Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe.....	41,000	59,000
Iasacht téarma faighte ar 1/4/2002		120,000
Ceannacháin agus Díolacháin	525,000	836,000
Carraireacht	8,000	
Pá agus Tuarastail	220,000	
Stoic 1/1/2002	63,000	
Aischiú isteach.....	6,000	
Aischiú amach.....		4,800
Stáiseanáireacht.....	2,100	
Soláthar in aghaidh Drochfhiach.....		1,800
Coimisiún		3,400
Tarraingtí.....	17,000	
Speansais Ghinearálta	48,000	
Speansais Sheomra Taispeántais.....	6,500	
Fógraíocht	5,400	
Lascaine.....		2,800
Ús Iasachta íoctha	6,000	
Caipiteal 1/1/2002		382,500
CBL.....		6,300
ASPC.....		2,700
Banc		19,700
	<u>1,502,000</u>	<u>1,502,000</u>

Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit:

- (i) Stoic ar 31/12/2002 ba ea €71,000.
- (ii) Ba é €600 an stoc stáiseanáireachta ar 31/12/2002.
- (iii) Tá an figiúr le haghaidh carraireachta le roinnt – 80% ar charraireacht amach agus 20% ar charraireacht isteach.
- (iv) Tá pá agus tuarastail le roinnt – 90% ar oibríthe agus 10% ar tarraingtí.
- (v) Tá soláthar le déanamh i gcomhair dímheasa mar seo a leanas:

Foirgnimh	–	2% den chostas
Mótarfheithiclí	–	20% den chostas
Trealamh oifige	–	10% den luach de réir na leabhar.

- (vi) Ba chóir soláthar a dhéanamh d'ús dlite ar an iasacht téarma ar an ráta 10% sa bhliain.
- (vii) Bhain an fhógraíocht leis an mbliain dar chríoch 31/3/2003.
- (viii) Ba chóir coigeartú a dhéanamh ar an soláthar in aghaidh drochfhiach go dtí 4% de na fiachóirí.

Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú:

- (a) Cuntas Trádála, agus Cuntas Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2002. (80)
- (b) Clár Comhardaithe mar a bheadh ar 31/12/2002. (40)

(120 marc)

2. Cuntais Rialúcháin Fhéichiúnaithe agus Chreidiúnaithe

Baineadh na figiúirí seo a leanas as leabhair M. Mhic an Aba le linn an Mhárta 2003:

	€
Iarmhéid Mhórleabhar na bhFéichiúnaithe 1/3/2003	61,700
Iarmhéid Mhórleabhar na gCreidiúnaithe 1/3/2003	49,600
Aischiú Amach	3,200
Lascaine Ceadaithe	2,100
Lascaine a Fuarthas	2,700
Aischiú Isteach	1,300
Billí Iníoctha Glactha	1,900
Billí Infhaighte Eisithe	3,200
Ceannacháin (Ceannacháin ar Airgead €9,600 san áireamh)	99,600
Diolacháin (Diolacháin ar Airgead €14,500 san áireamh)	134,500
Lascaine dícheadaithe do M. Mac an Aba	550
Ús gearrtha ag Mac an Aba ar chuntais dlite thar téarma	330
Seiceanna íoctha le soláthraithe	76,000
Seiceanna faighte ó chustaiméirí	94,400
Seiceanna faighte obtha	800
Drochfhiacha díscríofa	520
Aistriú ó Mhórleabhar na bhFéichiúnaithe go dtí Mórleabhar na gCreidiúnaithe	660
Iarmhéid Mhórleabhar na bhFéichiúnaithe ar 31/3/2003	440 sr
Iarmhéid Mhórleabhar na gCreidiúnaithe ar 31/3/2003	310 dr

Iarrtar ort:

Cuntas Rialúcháin Mhórleabhar Fhéichiúnaithe agus Cuntas Rialúcháin Mhórleabhar Chreidiúnaithe a ullmhú i gcomhair mhí na Márta 2003.

(60 marc)

3. Cuntais sochar agus dochar cuideachta

Tá Caipiteal Údaraithe 750,000 Gnáthscair ag Arlington Tta., ar €1 an ceann agus 400,000 Scair Thosaíochta 9% ar €1 an ceann. Tá 500,000 Gnáthscair eisithe ag an chuideachta cheana féin agus 300,000 Scair Thosaíochta ar 9%. Ar 1/1/2002 bhí iarmhéid €120,000 á thaispeáint i gCúlchiste Ginearálta na cuideachta. Bhí brabús €75,000 tugtha ar aghaidh ag Arlington Tta ó 2001 agus thaispeáin na cuntais brabúis €220,000 roimh cháin don bhliain dar chríoch 31/12/2002. I rith na bliana íocadh díbhinn eatramhach 6c leis na Gnáthscairshealbhóirí agus íocadh díbhinn leathbhliana leis na scairshealbhóirí Tosaíochta.

Ar 31/12/2002 mhol na stiúrthóirí:

- (i) Go n-íocfaí an Díbhinn Tosaíochta dlite
- (ii) Go n-íocfaí Díbhinn Chríochnaitheach 7c ar Ghnáthscaireanna
- (iii) Go méadófaí an Chúlchiste Ginearálta de mhéid €30,000
- (iv) Go ndéanfaí soláthar cánachais €58,000.

Iarrtar ort:

- (a) An Cuntas Brabúis agus Cailteanais a thaispeáint don bhliain dar chríoch 31/12/2002. (35)
- (b) Clár Comhardaithe a ullmhú ag taispeáint na gcuntas cuí tar éis na leithghabhálacha thuas a dhéanamh. (25)

(60 marc)

4. Ráiteas Imréitigh Bainc

Leagtar amach thíos Cuntas Bainc agus Ráiteas Bainc Phádraig Uí Dhuibh do mhí an Mhárta 2003.

Cuntas Bainc

		€			€
Márta 1	Iarmhéid tugtha ar aghaidh	1,450	Márta 5	P. Ceannt	123451 940
Márta 9	Díolacháin Lóisteáilte	2,740	Márta 7	Cíos	123452 700
Márta 16	Lóisteáil	2,800	Márta 10	M. Ó Tiarnaigh	123453 410
Márta 29	Díolacháin Lóisteáilte	2,350	Márta 12	J. Ó Fiaich	123454 260
			Márta 13	P. Jackson	123455 652
			Márta 14	Árachas	123456 1,840
			Márta 18	S. Ó Maolagáin	123457 1,140
			Márta 30	Iarmhéid ar aghaidh	<u>3,398</u>
		<u>€9,340</u>			<u>€9,340</u>

Ráiteas Bainc ar 31/3/2003

		Dochar €	Sochar €	Iarmhéid €
Márta 1	Iarmhéid tugtha ar aghaidh			1,450
Márta 4	Ús Faighte		140	1,590
Márta 7	123451 – P. Ceannt	940		650
Márta 9	Lóisteáil		2,740	3,390
Márta 9	123452 – Cíos	700		2,690
Márta 14	123453 – M. Ó Tiarnaigh	410		2,280
Márta 15	S. Ó Fathaigh (R/D a obadh)	320		1,960
Márta 16	Lóisteáil		2,800	4,760
Márta 16	123455 - P Jackson	652		4,108
Márta 18	123456 - Árachas	1,840		2,268
Márta 20	Táillí Bainc	44		2,224
Márta 24	Buanordú	460		1,764
Márta 26	T. Ó Brádaigh	240		1,524

Nóta: An €240 a iontráladh sa Ráiteas Bainc ar Mhárta 26, breacadh do dhochar chuntas Phádraig Uí Dhuibh é trí earráid, seachas do chuntas Phádraigín Ní Dhuibh.

Iarrtar ort:

- (a) Cuntas Bainc Coigeartaithe do Phádraig Ó Duibh a thaispeáint agus an t-iarmhéid coigeartaithe a tharraingt anuas. (35)
- (b) Ráiteas a ullmhú ar 31/3/2003 ag réiteach an Iarmhéid Chuntas Choigeartaithe Bainc i dteannta an Iarmhéid Ráiteas Bainc. (25)

(60 marc)

ROINN 2 (200 marc)
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

5. Míniú ar Chuntais

Baineadh an t-eolas seo a leanas as cuntais Darach Tta. don bhliain dar chríoch 31/12/2002.

Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2002

	€	€
Díolacháin chreidmheasa		730,000
Lúide: costas díolachán		
Stoc 1/1/2002	?	
Ceannacháin	<u>540,000</u>	
Lúide Stoc 31/12/2002	<u>76,000</u>	<u>570,000</u>
Ollbhrabús		?
Lúide: Speansais Iomlána		<u>74,000</u>
Glanbhrabús		<u>86,000</u>

Clár comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2002

	€	€
Sócmhainní seasta		442,000
Sócmhainní reatha	112,000	
Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain.		
Creidiúnaithe trádála	<u>68,000</u>	<u>44,000</u>
		<u>486,000</u>
Maoinithe ag		
Creidiúnaithe: suimeanna dlite i ndiaidh níos mó ná 1 bhliain.		
Bintiúir 9% (2007/2009).		100,000
Caipiteal agus Cúlchistí		
Gnáthscaireanna		300,000
Cuntas Brabúis agus Caillteanais		<u>86,000</u>
		<u>486,000</u>

(a) Iarrtar ort a ríomh:

- (i) An Stoc Tosaigh
- (ii) An Céatadán Marcála suas ar chostas.
- (iii) An tréimhse creidmheasa faighte ó chreidiúnaithe.
- (iv) An Cóimheas Fíorthástála. (40)

(b) Míniú iad seo a leanas:

- (i) Bintiúir 9% (2007/2009)
- (ii) Sócmhainní Doláimhsithe.
- (iii) Ráta an Láimhdeachas Stoic.
- (iv) Capiteal in Úsáid. (40)

(c) An mbeadh deacracht ag an ngnólacht thuas ag íoc a chuid billí de réir mar a bheidís dlite? Tabhair fáthanna le do fhreagra. (10)

(d) Más é 8% an Toradh ar Chaipiteal Úsáidte do 2001, cad é do mheas ar bhrabúsacht reatha an ghnólachta. (10)
(100 marc)

6. Cuntais Ghnólacht Seirbhíse

Tá muintir Armitage páirteach i dtionscal na turasóireachta. Tá siad i mbun teach aíochta agus tugann siad báid ar cíos do thurasóirí mar aon le teach saoire le linn an tséasúr saoire. San áireamh ar a gcuid sócmhainní agus a gcuid dliteanas ar 1/1/2002 bhí Teach Aíochta €450,000, Teach Saoire €110,000, Báid €12,000; Trealamh agus Línéadach €1,200; Stoc breosla agus ola théite €800; Réamhthaiscí ó thurasóirí ar theach saoire €1,500.

Seo thíos achoimre ar na Fáltais agus ar na Íocaíochtaí don bhliain dar chríoch 31/12/2002:

Fáltais	€	Íocaíochtaí	€
Airgead sa bhanc	1,160	Soláthairtí don teach aíochta	8,800
Fáltais ó aíonna i rith na bliana	28,800	Solas & teas & breosla	950
Cíos ó theach saoire	7,200	Tarraingtí	21,900
Fáltais ó Chíos na mBád	3,300	Pá	3,400
		Níochán éadaí	490
		Fógraíocht	550
		Deisiúcháin agus cothabháil	1,600
		Iarmhéid	<u>2,770</u>
	<u>40,460</u>		<u>40,460</u>

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le tabhairt san áireamh ar 31/12/2002.

- (i) Báid le dímeas ar 20% sa bhliain agus Trealamh agus Línéadach ar 25%.
- (ii) Bhain an teaghlach úsáid as an gcúigiú cuid de na soláthairtí a ceannaíodh.
- (iii) San áireamh i bhfáltais na n-aíonna bhí réamhthaiscí áirithintí €1,550 do 2003.
- (iv) Stoc ola €750.
- (v) Dlite do shiopa áitiúil soláthairtí €260.

Iarrtar ort a ullmhú:

- (a) Ráiteas chun iomlán na glansócmhainní a thaispeáint (Ciste Carntha) ag gnólacht turasóireachta mhuintir Armitage ar 1/1/2002. (30)
- (b) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar chríoch 31/12/2002. (40)
- (c) Clár Comhardaithe (Ráiteas iomlán na nglansócmhainní) ar 31/12/2002. (30)

(100 marc)

7. **Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid**

Baineadh an t-eolas seo a leanas as leabhair Uí Earcáin Tta.

Sliocht Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2002

	€
Brabús Oibriúcháin	144,000
Ús íoctha	<u>(8,000)</u>
	136,000
Cáin	<u>(36,000)</u>
	100,000
Díbhinn mholta	<u>(45,000)</u>
Brabús coinnithe don bhliain	55,000
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais 1/1/2002	<u>65,000</u>
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais 31/12/2002	<u>120,000</u>

Cláir Chomhordaithe mar a bhí ar Sócmhainní Seasta	31/12/2002		31/12/2001	
	€	€	€	€
Talamh agus Foirgnimh	540,000		480,000	
Lúide Soláthar in aghaidh dímheasa	<u>68,000</u>	472,000	<u>51,000</u>	429,000
Sócmhainní Reatha				
Stoc	122,000		98,000	
Féichiúnaithe	86,000		63,000	
Airgead	<u>16,000</u>		<u>5,000</u>	
	<u>224,000</u>		<u>166,000</u>	
Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin				
Creidiúnaithe	25,000		36,000	
Cáin	36,000		24,000	
Díbhinn mholta	<u>45,000</u>		<u>20,000</u>	
	<u>(106,000)</u>		<u>(80,000)</u>	
Sócmhainní Reatha Glan		<u>118,000</u>		<u>86,000</u>
Sócmhainní Iomlána Glan		<u>590,000</u>		<u>515,000</u>
Maoinithe ag:				
Creidiúnaithe: suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain amháin				
Bintiúir 10%		70,000		100,000
Caipiteal agus Cúlchistí				
Gnáth-scairchaitéal eisithe		400,000		350,000
Cuntas Brabúis agus Cailteanais		<u>120,000</u>		<u>65,000</u>
		<u>590,000</u>		<u>515,000</u>

Iarrtar ort:

(a) An brabús oibriúcháin a réiteach leis an nglansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin. (30)

(b) An Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid a ullmhú d'Ó hEarcáin Tta don bhliain dar chríoch 31/12/2002 faoi na ceannteidil seo a leanas:

- (i) Gníomhaíochtaí Oibriúcháin
- (ii) Toradh ar Infheistíochtaí (agus ar fhónamh ar airgeadas)
- (iii) Cáin
- (iv) Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais (Gníomhaíochtaí Infheistíochta)
- (v) Díbhinn Chothromais / gnáth dhíbhinn Íoctha
- (vi) Airgeadú

(70)

(100 marc)

ROINN 3 (80 marc)
Freagair ceist **AMHÁIN** ar bith

8. Costáil: Costas-Méid-Brabús (Costáil Imeachach)

Déanann Éiclips Tta táirge a dhíolann sé ar €35 an t-aonad. Díoltar na hearraí uile a tháirgtear agus dá bhrí sin, ní bhíonn aon stoc riamh den táirge ar lámh. Léiríonn anailís chostála:

€15 in aghaidh an aonaid is ea na costais athraitheacha
€16,000 a bheidh sna costais seasta don tréimhse.

Iarrtar ort:

- (a) An cion do gach aonad a dhíoltar a ríomh.
- (b) An pointe meá-ar-mheá don táirge seo a ríomh agus na sonraí thuas á n-úsáid agat.
- (c) Ráiteas Chostála Imeachaí a ullmhú chun an Brabús/Caillteanas a thaispeáint ag na leibhéil táirgíochta seo a leanas:

1.	700 aonad
2.	900 aonad
3.	1,200 aonad
4.	1,500 aonad

(d) Ríomh an leibhéal táirgíochta agus ioncam díolacháin a chruthóidh brabús €8,800.

(e) An Lamháil Sábháilteachta in aonaid agus in ioncam díolacháin in (d) thuas.

(80 marc)

9. Buiséadú

Déanann Ashe Tta., dhá chineál seinnteora MP3, ar a dtugtar Seang agus Seasta. Is iad seo a leanas na díolacháin agus na staitisticí a bhfuil súil leo don bhliain dar críoch 31/12/2003:

	Seang	Seasta
Díolacháin bhuiséadaithe	600 aonad	400 aonad
Praghas díolacháin aonad ionchais	€140	€160
Stoic ionchais - Earraí Críochnaithe	Seang	Seasta
Stoic thosaigh	120	80
Stoic dheiridh	110	60
Comhdhéanamh Ábhair agus Costais	Ábhar A	Ábhar B
Seang	3 gms	4 gms
Seasta	4 gms	5 gms
Praghas ionchais in aghaidh an kg	€10	€11
Stoic ionchais - Amhábhair	Ábhar A	Ábhar B
Stoic thosaigh	300 gms	240 gms
Stoic dheiridh	320 gms	260 gms
Am Shaothair Dhírigh in uaireanta an chloig		
Seang	6 huairé	
Seasta	5 huairé	
Ráta saothair dhírigh in aghaidh na huairé	€12	

Iarrtar ort na buiséid seo a leanas a ullmhú:

- (a) Buiséad Díolachán in aonaid agus in €
- (b) Buiséad táirgíochta
- (c) Buiséad Úsáid Ábhair
- (d) Buiséad Ceannachán Ábhar
- (e) Buiséad Saothair.

(80 marc)